**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

## Biseach 2026

Beidh Biseach, irisleabhar Chumann Forbartha Chois Fharraige, á fhoilsiú arís i mbliana.
Má tá suim agatsa píosa a scríobh do Bhiseach na bliana seo, ba bhreá linn cloisteáil uait!

Má phós tú i 2025 nó má tá sé de rún agat pósadh i mbliana agus gur mhaith leat go mbeadh do phictiúr bainise san iris, seol chugainn iad!
Beidh fáilte mhór freisin roimh sheanphictiúirí.
Ba mhaith linn cloisteáil freisin ó dhaoine a raibh páistí acu i mbliana nó anuraidh le freagra na ceiste seo:
Cén cineál Cois Fharraige ar mhaith leat a fheiceáil do do pháiste?

Féadfaidh do fhreagra a bheith chomh fada nó chomh gearr agus is maith leat agus ba bhreá linn pictiúr de do pháistín freisin!
Bí i dteagmháil linn ag:
**biseach2026@gmail.com**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*

**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidrín gach Domhnach**

**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Fáilte Romhat, A Rí an Domhnaigh Bheannaithe**

Fáilte romhat, a Rí an Domhnaigh bheannaithe,
Lá breá aoibhinn cois bruach na farraige.
Fáilte romhat, a Réalt gheal na mara,
Lá breá aoibhinn d'fhonn Críost a agallamh.

Fáilte romhat, a Dhia na gil' 'sna gréine,
'Thug an lá dhúinn le grá 's le féile.
Fáilte romhat a Mhaighdean ghlórmhar ghléigeal,

## Buíochas leat, a Dhia

Buíochas leat, a Dhia, as ucht na híobartha seo.
Go líona sé ár gcroíthe le grásta.
Go raibh againn i gcónaí a shuaimhneas is a shíocháin.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

Bíodh grá againn d'ár gcomharsain gach oíche 's lá,
Is grá againn do Íosa, ár Slánaitheoir,
Go gcanaimid le chéile an t-amhrán se oar neamh.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

Comhghairdeachas leis an Athair Daniel a hoirníodh ina shagart deich mbliana go ham seo.

Go gcumhdaí Dia thú, a Athair.

**Ádh mór ar Ghaillimh**

# Paróiste An Spidéil
## An Séú Domhnach Déag A

18ú/19ú Iúil 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie

Oifig: 083 8126745

*Ríomhphost:* cilleinde@outlook.ie Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

**Aifrinn & Intinní na Seachtaine**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ⌖ | | | ***Cill Éind, Spidéal*** | |
| Dé Domhnaigh | 19ú | 11.00r.n. | Tomás Ó Céidigh (Seán)<br>Seán Ó Cualáin & gar pháiste Oli<br>Peigín Ní Chéidigh & a mhuintir<br>Seán Ó Neachtain **6ú Cuimhneachán**<br>Jim Flaherty<br>Maidhcín Dan Ó Droighneáin **3ú Cuimhneachán** | *Seanaghurráin*<br>*Sailethúna*<br>*Sailethúna*<br>*Baile Ard*<br>*Baile an tSléibhe/California*<br>*Tuar Beag* |
| Dé Céadaoin | 22ú | 10.00r.n. | | |
| Déardaoin | 23ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* | |
| Dé hAoine | 24ú | 10.00r.n. | Charlie Lennon *Cuimhneachán breith lá* | |
| Dé Domhnaigh | 26ú | 11:00r.n. | Peter & Larry Dunne<br>Mike Ó Curraoin & a bhean Barbara<br>Julie Kelly | *Baile Liam*<br>*Baile Liam*<br>*Baile Liam/Londain* |
| ⌖ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** | |
| Dé Sathairn | 18ú | 6:30i.n. | Seán Leainde & a thuismitheoirí, Máirtín & Bríd & a dheartháir céile Seán. *Barr Roisín/Ros a'Mhíl*<br>Colm Breathnach | <br>*Gleamach Muirín* |
| Dé Sathairn | 25ú | 6:30i.n. | Peadar Ó Nia | *Doire Né , Casla* |
| ⌖ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** | |
| Dé Domhnaigh | 19ú | 9:30am | Mary Dillane<br>Pádraic Ó Márta | *Minna*<br>*Minna* |
| Dé Domhnaigh | 26ú | 9:30am | Baibín Scahill (Cadhain)<br>Máire Uí Dhiollúin ***Céad Cuimhneachán*** | *Cartúr Leathan/Londain*<br>*Cartúr Leathan* |



**Aifreann an tSamhraidh sa Reilig**

Reilig an Choilligh………Dé Luain 3ú Lúnasa @ 6pm.

**Loinneog don Iontróid—** Sm 53:6-8
Féach tá Dia féin ag teacht i gcabhair orm, an Tiarna, taca mo bheatha. Ofrálfaidh mé íobairt duit le fonn agus molfaidh mé d'ainm mar gur maith é.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;**
**a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.**
**A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
Déan trócaire orainne, do mhuintir, a Thiarna, agus roinn do ghrástaí go fial orainn. Méadaigh ár gcreideamh, ár ndóchas agus ár ngrá, agus coinnigh dílis sinn do d'aitheanta, trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar na hEagna – 12:13, 16-19*
Níl aon Dia eile ann seachas tú féin a bhfuil cúram na cruinne air le go gcaithfeá a chruthú dó nár thug tú breith éagórach uait riamh. Óir is í do chumhachtsa tobar na córa; is é an tiarnas atá agat ar an uile ní a thugann ort a bheith trócaireach leo go léir.
Taispeánann tú do chumhacht nuair nach dtugtar aitheantas d'iomláine do nirt agus daorann tú sotal na ndaoine a bhfuil eolas acu air.
Ach cé go bhfuil cumhacht iomlán agat is cneasta an bhreith a thugann tú agus rialaíonn tú sinn le trócaire.
Óir, cibé uair is toil leat é is féidir duit do chumhacht a chur i bhfeidhm. Sa tslí seo mhúin tú do do phobal nach foláir don fhíréan bheith cineálta; agus chuir tú dóchas láidir i gcroí do chlainne de bhrí go dtugann tú maithiúnas i bpeacaí.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 85
*Freagra: Tá tú go maith is go ceansa, a Thiarna.*

1. Tá tú go maith is go ceansa, a Thiarna,
 lán de ghrá do chách a ghlaonn ort.
 Éist le m'urnaí, a Thiarna,
 agus tabhair aird ar ghlór mo ghuí. *(Fr)*

2. Tiocfaidh na ciníocha do d'adhradh, a Thiarna,
 agus déanfaidh siad d'ainm a fhógairt:
 óir is éachtach thú agus is iontach do ghníomhartha,
 óir is tú amháin is Dia. *(Fr)*

3. A Thiarna Dia na trua agus na taise,
 ar deacair thú a spreagadh chun feirge,
 agus atá lán de ghrá agus d'fhírinne,
 féach orm, agus bíodh trua agat dom. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól cuig na Rómhánaigh – 8:26-27*
A bhráithre, tagann an Spiorad i gcabhair orainn inár laige. Mar ní heol dúinn an ghuí féin a dhéanamh mar is cóir, ach déanann an Spiorad idirghuí ar ár son le hosnaí nach gcuirtear i bhfocail; agus an té úd a chíorann croí an duine tuigeann sé cad is áil leis an Spiorad agus gur de réir toil Dé a dhéanann sé sin achainí ar son an phobail naofa.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
Chuir ár Slánaitheoir Íosa Críost an bás ar ceal,
agus thug chun solais an bheatha tríd an Dea-Scéal.
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 13:24-43*
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Chuir Íosa parabal os comhair na sluaite: 'Is iad dála ríocht na bhflaitheas,' ar seisean, 'mar a bhí ag an duine a chuir síol maith ina ghort. Ach fad a bhí an saol ina chodladh, bhí namhaid dó a tháinig ag scaipeadh cogail anuas ar an arbhar, agus d'imigh. Tháinig an t-arbhar aníos ina gheamhar, agus ansin ina dhéis agus an uair sin chonacthas an cogal freisin. Tháinig a cuid sclábhaithe go dtí an fear tí agus dúradar leis: "**A mháistir, an síol a chuir tú i do ghort, nach síol maith a bhí ann?** agus cad a thug an cogal ann más ea?" Dúirt sé leo: "**Namhaid éigin a rinne an méid sin.**" "Agus ar mhaith leat," deir na sclábhaithe leis, "go rachaimis á bhailiú chun a chéile?" "Ná déanaigí," ar seisean, "ar eagla, nuair a bheadh sibh ag bailiú an chogail, go sracfadh sibh an t-arbhar aníos san am céanna. Fágtar le hais a chéile ag fás iad araon go dtí an fómhar, agus nuair a bheidh an fómhar á dhéanamh déarfaidh mé leis na buanaithe: "Bailígí an cogal chun a chéile ar dtús, agus déanaigí punanna de chun a dhóite. Ach **cruinnígí an t-arbhar isteach i mo scioból**." '
Chuir sé parabal eile os a gcomhair: "**Is cosúil ríocht na bhflaitheas," ar seisean, "le gráinne de shíol mustaird** a thóg duine agus a chuir sé ina ghort. Is é an gráinnín síl is lú ar bith é, ach **nuair a bhíonn sé fásta, bíonn sé ar an gceann is mó de na glasraí agus déantar crann de, a bhféadann éanlaith an aeir dul ar foscadh ina chraobhacha."**
D'inis sé parabal eile dóibh: "Is cosúil ríocht na bhflaitheas le gabháile a thóg bean agus a d'fholaigh sí i dtrí pheic plúir nó go raibh sé gabháilte ar fad."
Labhair Íosa na nithe sin uile i bparabail leis na sluaite: ní dhéanadh sé caint ar bith leo gan parabal, agus sin mar a comhlíonadh a ndúradh tríd an bhfáidh:
"Labhróidh mé i bparabail,
nochtfaidh mé nithe ba rún ó thúsú an domhain."
D'fhág sé na sluaite an uair sin agus chuaigh sé isteach sa teach. Tháinig a dheisceabail chuige agus dúirt siad: "Mínigh dúinn an parabal úd an chogail sa ghort." D'fhreagair sé iad á rá: "An té a chuireann an síol maith, sin é Mac an Duine. Is é an domhan an gort. An síol maith muintir na ríochta. Dream an oilc an cogal, agus is é an diabhal an namhaid a scaipeann é. Is é deireadh an tsaoil an fómhar agus is iad na haingil na buanaithe. Amhail mar a bhailítear an cogal chun é dhó sa tine, sin mar a bheidh i ndeireadh an tsaoil. Cuirfidh Mac an Duine a aingil amach agus baileoidh siad gach ábhar scannail as a ríocht agus na daoine a thaobhaíonn an t-olc, agus teilgfidh siad san fhoirnéis tine iad. Is ann a bheidh gol agus díoscán fiacla. Beidh na fíréin an uair sin ag lonradh ar nós na gréine i ríocht a nAthar. **An té a bhfuil cluasa air, éisteadh sé!"**
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

**Os Cionn na nOfrálacha**
A Dhia, chuir tú íobairtí éagsúla an tseandlí ar ceal le híobairt fhoirfe ár dTiarna. Glac leis an íobairt seo anois ó lámha do shearbhóntaí dílse, mar a rinne tú fadó le híobairt Ábel. An ofráil a dhéanann gach duine againn anois chun do ghlóire, go dté sí chun tairbhe dár slánú go léir. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

*Rúndiamhair an chreidimh :* **Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

**Iargomaoineach**
Tabhair do chabhair lách do do phobal, impímid ort, a Thiarna. Stiúir ón sean-nádúr anonn chun na beatha nua an mhuintir a shásaigh tú leis na rúndiamhra neamhaí. Ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh,
Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach**
**@ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***